

BAINISTEOIR ÁINEASA LASMUIGH – GRÁD AN OIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN UACHTARAIGH

Cuspóir an Phoist

Ag tuairisciú don Stiúrthóir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais, is é ról an Bhainisteora Áineasa Lasmuigh spóirt lasmuigh agus gníomhaíocht choirp sa spóirt a fhorbairt agus a chur chun cinn. Cuirfidh an ról seo le fíis straitéiseach Spóirt Éireann a sholáthar maidir le ‘earnáil spóirt den scoth a fhorbairt a oibríonn de réir na gcaighdeán is airde rialachais agus cuntasachta’. Príomh-aschur don iarrthóir rathúil a bheidh i mBeartas Spóirt Lasmuigh agus Gníomhaíochta Coirp de chuid Spóirt Éireann a threorú, a chur chun cinn agus a mheasúnú.

Dualgais agus Freagrachtaí

Beidh na príomhdualgais agus freagrachtaí seo a leanas ar an mBainisteoir Áineasa Lasmuigh:

- Cuidiú leis an Stiúrthóir Comhpháirtíochta agus Rialachais Spóirt Éireann a threorú maidir le Beartas Lasmuigh Spóirt Éireann a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, agus aird ar leith ar chuimsiú;
- A chinntiú go bhfuil Spóirt Éireann suite mar an tsainghníomhaireacht ina ról chun an rannpháirtíocht i spóirt lasmuigh in Éirinn a threorú, a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- Freagrach as bainistíocht oibríochtúil fhoireann an aonaid Lasmuigh agus na gclár oibre gaolmhar, lena n-áirítear clár na gCosán Náisiúnta mar phríomhghné de ról Spóirt Éireann;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt, chur i bhfeidhm agus mhonatóireacht leanúnach an Bheartais Spóirt Lasmuigh;
- Tacaíocht a sholáthar i bhforbairt leanúnach an Aonaid Spóirt Lasmuigh, lena n-áirítear na Conairí Náisiúnta agus an Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta;
- Naisc bheartais agus gníomhartha straitéiseacha a chur chun cinn agus a mholadh i réimsí trasnaithe idir an obair a dhéanann Spóirt Éireann agus an obair a dhéanann ranna agus eagraíochtaí Rialtais eile;
- Oibriú go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt, Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla, agus Gníomhaireachtaí Stáit mar Coillte, Uiscebhealaí Éireann, Páircanna Náisiúnta agus comhpháirtithe nua eile san earnáil seo;
- Caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara éagsúla ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, tacaíocht saincheaptha a sholáthar do chomhlachtaí rialaithe spóirt lasmuigh níos lú agus do Chomhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla chun a gcumas seachadta san earnáil a fheabhsú;
- Tacú le hiniúchadh agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh mhaoinithe faoin gClár Spóirt Lasmuigh;
- Oibriú le haonad Cumarsáide Spóirt Éireann chun feachtais chumarsáide Spóirt Lasmuigh a chur chun cinn;
- Comhairle a thabhairt ar fhorbairt tionscnamh amach anseo a chuirfidh le ról spóirt lasmuigh agus le réimse níos leithne an chuimsithe sa spóirt;
- Treorú ar mhonatóireacht agus ar mheasúnú an Bheartais Spóirt Lasmuigh;
- Ceannaireacht agus treoir a sholáthar i bhforbairt comhlachtaí rialaithe spóirt lasmuigh, ag obair go dlúth leis an aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochtúla;
- Comhpháirtíochtaí agus caidrimh oibre a fhorbairt le daoine eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear comhpháirtithe atá comhsheasmhach leis an straitéis fhoriomlán d’fhonn obair Bheartas Spóirt Lasmuigh de chuid Spóirt Éireann a chur chun cinn agus d’fhonn spóirt lasmuigh agus leasanna Spóirt Éireann a chur ar chlár oibre na gcomhpháirtithe sin.

Freagrachtaí Eile

- Buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhorbairt de réir chuspóirí Bheartas Spóirt Lasmuigh de chuid Spóirt Éireann i gcomhar leis an bhfoireann sinsearach bainistíochta;
- Comhordú a dhéanamh le hAonad Taighde Spóirt Éireann chun tabhairt faoi thaighde a bhaineann go sonrach le spóirt lasmuigh.

Ní liosta uileghabhálach é seo agus áireofar sa ról aon dualgais a theastaíonn ó Spóirt Éireann ó am go ham atá oiriúnach don phost agus do riachtanais na heagraíochta.

Cáilíochtaí

Beidh an sealbhóir poist láidir go hacadúil agus céad chéim ollscoile ar a laghad a bheith aige/aici.

Faisnéis & Taithí

Más féidir, beidh cuid acu nó gach ceann acu seo a leanas ag an iarrthóir roghnaithe:

- taithí trí bliana ar a laghad ar leibhéal bainistíochta sa réimse de rannpháirtíochta spóirt, forbairt pobail agus nó sláinte, forbairt agus cur i bhfeidhm straitéise, agus trí bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe laistigh d'eagraíocht mhór atá ag feidhmiú ar leibhéal náisiúnta
- Leibhéal ard taithí agus tuiscena ar earnáil an spóirt, ar chur i bhfeidhm beartas, ar mheastóireacht agus ar mhonatóireacht
- An cumas oibriú go héifeachtach ar leibhéal straitéiseacha agus beartais agus doimhneacht anailíseach a chur le straitéis agus beartais Spóirt Éireann
- Tuiscint mhaith ar spóirt agus ar an mbonneagar áitiúil agus idirnáisiúnta agus náisiúnta a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht i spóirt lasmuigh
- Cúlra láidir maidir le comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí a thógáil agus a fhorbairt le raon páirtithe leasmhara
- An cumas smaoineamh ar shaincheisteanna casta agus iad a chur in iúl go soiléir
- Scileanna dea-fhorbartha in éisteacht, cumarsáid agus idirbheartaíocht
- An t-eolas agus an taithí chun gníomhaíochtaí éagsúla a threorú trí chórais bhainistíochta éifeachtacha agus fócas marthanach ar aidhmeanna fadtéarmacha
- Scileanna den scoth le daoine atá léirithe tríd an gcumas ceannaireacht a thabhairt agus daoine a spreagadh
- Eolas leathan ar thimpeallacht spóirt lasmuigh (beartas, soláthar agus cleachtas) agus ar conas teacht ar na sonraí

Beidh na nithe seo a leanas ag baint leis an iarrthóir inmhianaithe:

- Díograiseach agus ardspreagtha chun feidhmiú ag leibhéal ard, agus an dúshlán a ghlacadh maidir le hobair a dhéanamh i bhfoireann bheag.
- Solúbtha ina gcur chuige agus scileanna láidre fadhbréitigh acu, mar aon le tiomantas do sheirbhís ardchaighdeán agus a bheith iontaofa go pearsanta.
- In ann oibriú go neamhspleách agus go comhoibritheach, a dtionscnamh féin a úsáid, agus obair a dhéanamh go rathúil thar raon tionscadal éagsúil agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla ag an am céanna.
- Cur chuige loighciúil agus pragmatach, ag seachadadh na dtorthaí is fearr is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil.

- In ann a thaispeáint go gcomhlíonann siad na hinniúlachtaí a leagtar amach sa tsonraíocht poist agus an cumas feidhmeanna uile an phoist a chomhlíonadh.
- In ann an cumas a léiriú chun oibriú ar fud na heagraíochta níos leithne, réimsí le feabhsú a aithint go réamhghníomhach agus réitigh phraiticiúla a fhorbairt lena gcur i bhfeidhm.
- Oilte ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar gach leibhéal laistigh d'eagraíocht chomh maith le dul i dteagmháil go cuiditheach le páirtithe leasmhara seachtracha, le cumas cruthaithe líonra teagmhálacha a fhorbairt agus a chothabháil agus príomhchaidrimh ghnó a fhorbairt.
- In ann faisnéis a chur i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach.
- In ann torthaí a sheachadadh laistigh de spriocdhátaí dochta agus fócas a choinneáil ar cháilíocht na hoibre.
- In ann nuálaíocht agus taithí/saineolas a thabhairt ó thionscail roimhe seo chun cur i bhfeidhm ar shaincheistanna atá ann cheana, moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin agus éifeachtúlachtaí nuair is cuí.
- Scileanna ceannaireachta agus cumas éifeachtach um bainistíocht chaidrimh.
- Scileanna idirphearsanta den scoth (i scríbhinn agus ó bhéal) a léiríonn an cumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus caidrimh láidre a fhorbairt laistigh agus lasmuigh den eagraíocht.
- In ann agus compordach le hualach oibre gnóthach a bhainistiú, tascanna a chur in ord tosaíochta ar bhealach éifeachtach agus spriocdhátaí dochta a chomhlíonadh.
- In ann scileanna anailíse cruthaithe a thaispeáint, sonraí a léirmhíniú agus cinní a dhéanamh, agus a bheith in ann dul i ngleic le saincheistanna agus rioscaí casta.
- Inniúlacht iomlán le Microsoft Office.

Faisnéis Bhreise:

Conradh: Lánaimseartha, buan

Scála Tuarastail: EUR 48 868 – EUR 61 544 (dhá incrimint seirbhíse fada san áireamh) - Scála Caighdeánach HEO. Déanfar an ceapachán ar an scála seo ag pointe atá ag teacht le Beartas Pá reatha an Rialtais. Tosaíonn iontrálaithe nua san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe den scála.

Áit: An Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15

Is fostóir comhdheiseanna é Spórt Éireann.